

Leideanna le haghaidh Cuardach Rathúil ar Líne

Agus do chuid scoláirí ag tabhairt faoin idirlíon a úsáid ar mhaithe le taighde don chéad uair, is ócáid ollmhór í. Is féidir go mbeadh na trí theicníc a léirítear sa tábla thíos ina gcabhair chun an cuardach a fheabhsú, agus tá físeán a mhíníonn conas a úsáidtear na huirlisí ar fáil [anseo](#).

Cuardach Frása	Úsáid comharthaí athfhriotail chun focail ar leith den cuardach a ghrúpáil le chéile. Úsáideach do theidil, ainmneacha agus sliocht
Cuardach Boolean	Úsáid na foca(i) AND, OR agus NOT, a chaithfidh a bheith i gCEANNLITREACHA. Is féidir leis seo do cuardach a fheabhsú, a leathnú nó a shainiú
Cuardach Saoróige	Úsáidtear é seo nuair is mian leat focal le hiliomad deirí a chuardach. Is é an réiltín an cuardach saoróige is coitianta (*)

Cuardach Frása

Má scríobhann tú *space exploration* isteach in inneall cuardaigh, ginfidh an cuardach torthaí le haghaidh spás agus le haghaidh mionchíoradh ach ní scéal cinnte gur le chéile a bheidh siad. Agus comharthaí athfhriotail in úsáid thart ar an bhfrása, ginfear **an dá fhocal amháin sa fhrása céanna**.


Tá físeán úsáideach ar fáil [anseo](#) chun cabhrú leat le cuardach frása.



Cuardach Boolean

Samhlaigh go bhfuil do chuid scoláirí ag déanamh taighde ar fhuinneamh na gréine agus iarrann tú orthu eolas a fháil faoi fhoinsí eile fuinnimh in-athnuaite in Éirinn. Sa tábla thíos, feictear roinnt de na heochairfhocail agus an líon torthaí a ghintear i ngach cás

Eochairfhocail	Líon na dtorthaí cuardaigh
Fuinneamh In-athnuaite	92,800,000
Fuinneamh In-athnuaite AGUS Éire	19,500,000
Fuinneamh In-athnuaite NÓ inbhuanaitheacht AGUS Éire	25,300,000
Fuinneamh In-athnuaite AGUS Éire NÍ fuinneamh na gréine	7,680,000



Laghdaíonn **AND** agus **NOT** an líon torthaí tríd an rogha a chúngú. I gcás **AND** thuas, caithfidh fuinneamh in-athnuaite agus Éire a bheith luaite san alt, agus cuardaíonn an **NOT** ailt ina bhfuil fuinneamh in-athnuaite agus Éire **ach gan trácht ar bith** ar fhuinneamh na gréine.

Ciallaíonn **OR** gur féidir leis an alt tagairt d'fhuinneamh in-athnuaite **nó** don inbhuanaitheacht.

Cuardach Saoróige

Is féidir leis na scoláirí s'agat an cuardach idirlín s'acu a leathnú agus gan focail ar leith a bheith teoranta. Tá cuardach saoróige an-úsáideach sa chás seo. Is sampla maith den chineál seo é *pollinat**, ina ár féidir focail le foirceann eile ar nós: *pollinating*, *pollinate*, *pollinated*, *pollination* agus *pollinators* a bheith san áireamh freisin.

Oh Great, Another Way Humans Are Screwing With Pollinators

<https://gizmodo.com/oh-great-another-way-humans-are-screwing-with-pollinat-17975...> ▼
Aug 3, 2017 - On Monday, the USDA brought us some much needed good news, when it reported data suggesting that honeybees might finally be bouncing ...

University of Kentucky Entomology for Kids

<https://www.uky.edu/Ag/Entomology/ythfacts/allyr/pollinat.htm> ▼
Jan 21, 1999 - Pollination of Plants by Insects. by Rudy Scheibner, Extension Entomologist. **Pollination** is the process whereby plants receive pollen from other ...

Illinois Natural History Survey pollinat

www.inhs.illinois.edu > Resources > INHS Reports > may-jun96 ▼
Apr 24, 1996 - The Naturalist's Apprentice: Prolific Pollinators! Objective: to learn about some of the different flower types and the animals that **pollinate** them.